Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0115 (CNS)**

**10175/17**
**ADD 4**

**FISC 136**
**TRANS 263**
**IA 104**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 181 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe agus Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 181 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 181 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2017
SWD(2017) 181 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe**
**agus**
**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí**

{COM(2017) 275 final}
{SWD(2017) 180 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Threoir 1999/62/CE |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tugtar aghaidh ar cheithre fhadhb:<br>1. Is é an t-iompar de bhóthar is cúis le 17 % d'astaíochtaí $CO_2$ san Aontas Eorpach agus ní leor an méadú ar an úsáid a bhaintear as feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí atá saor ó astaíochtaí chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach.<br>2. Tá caighdeán bhóithre an Aontais ag dul in olcas de dheasca an laghdaithe ar infheistíochtaí sa bhonneagar agus sceidil chothabhála a cuireadh ar atráth gan tionchar eacnamaíoch fadtéarmach a chur san áireamh.<br>3. Thug roinnt Ballstát muirir ambhunaithe (greamáin) isteach a dhéanann idirdhealú i gcoinne tiománaithe ócáideacha ó thíortha iasachta.<br>4. Mar thoradh ar thruailliú aeir agus brú tráchta de dheasca feithiclí bóthair, cuirtear costais shuntasacha ar an tsochaí.<br>D'fhéadfaí dul i ngleic leis na fadhbanna sin go léir trí dholaí a ghearradh ar bhealach éifeachtúil cothrom. Mar sin féin, tá an córas chun dolaí a ghearradh san Aontas Eorpach neamh-iomlán agus ilroinnte agus is ar éigean a léiríonn sé an costas iarbhír a bhaineann le húsáid bóithre. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir atá ann an t-iompar de bhóthar atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí na prionsabail 'íoc mar a úsáidtear' agus 'íoc mar a thruaillítear' a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne:<br>1. Cur le hastaíochtaí CO2 a laghdú san iompar trí dholaí a ghearradh<br>2. Cur le caighdeán leordhóthanach na mbóithre<br>3. Deimhin a dhéanamh de nach ndéanann scéimeanna muirearaithe bóithre idirdhealú i gcoinne tiománaithe neamhchónaitheacha, agus<br>4. Úsáid a bhaint as muirearú bóithre mar uirlis éifeachtach chun truailliú aeir agus brú tráchta a laghdú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is fadhb dhomhanda na hastaíochtaí arda $CO_2$ agus tá gníomhaíocht chomhbheartaithe de dhíth ar gach leibhéal dá réir sin. Is fadhb thrasteorann é an t-idirdhealú a dhéantar i gcoinne tiománaithe neamhchónaitheacha agus ní fhéadfar í a réiteach ach ar an leibhéal fornáisiúnta. Baineann impleachtaí le caighdeán na mbóithre a bheith ag dul in olcas, truailliú aeir agus brú tráchta ar bhonn áitiúil agus ar fud an Aontais Eorpaigh araon. Is gá gníomhaíochtaí náisiúnta a chomhordú chun saorghluaiseacht daoine agus earraí ar fud an Aontais a áirithiú. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| Tá difríochtaí sna roghanna beartais (RB) de réir leibhéal na hidirghabhála, ó bhearta réasúnta éadrom idirghabhála go bearta idirghabhála atá trom.<br>Is iad na bearta is tábhachtaí in RB1 na forálacha atá ann cheana a shimpliú, an raon feidhme a leathnú chun busanna/cóistí a chumhdach agus, i dtaca le forálacha maidir le neamh-idirdhealú, chun feithiclí éadroma a chumhdach.<br>Cuireann RB2 le RB1 agus is le RB2 a thugtar isteach éagsúlacht muirear atá bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ agus deireadh á chur le greamáin le haghaidh HDVanna (HGVanna agus busanna/cóistí) de réir a chéile agus dreasachtaí a thabhairt san am céanna chun muirearú acharbhunaithe a thabhairt isteach.<br>Le RB3, lena n-áirítear dhá rogha mhalartacha, cuirtear san áireamh bearta breise le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, lena dtugtar aghaidh ar bhrú tráchta idiruirbeach (3a agus 3b) mar aon le hastaíochtaí $CO_2$ agus astaíochtaí truailleán trí idirdhealú a dhéanamh idir dolaí agus muirir ar úsáideoirí le haghaidh feithiclí éadroma (RB3b).<br>In RB4 cuirtear deireadh le greamáin le haghaidh gach feithicle de réir a chéile agus ceanglaítear léi muirearú |

| |
|---|
| costas seachtrach le haghaidh HDVanna.<br><br>Is é RB3b an rogha thosaíochta. B'éifeachtaí RB4 chun na cuspóirí a bhaint amach, ach tá costais níos airde i gceist léi. Faoi réir cinneadh polaitiúil, d'fhéadfaí cuid de bhearta RB4 a chur le RB3b dá mbeadh tréimhse leordhóthanach ann chun an córas a thabhairt isteach agus é a oiriúnú de réir a chéile agus na costais a scaipeadh. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Tugann páirtithe leasmhara tacaíocht do RB1 i gcoitinne cé gur chuir roinnt Ballstát i gcoinne beart i leith chaighdeán na mbóithre. Tugtar tacaíocht leathan d'fheithiclí astaíochtaí ísle (RB2) a chur chun cinn agus chuir beagán Ballstát i gcoinne deireadh a chur le greamáin HGV. Léiríodh roinnt amhrais faoi na bearta i leith muirearú brú tráchta (RB3) ach comhaontaíonn na páirtithe leasmhara le chéile, dá gcuirfí i bhfeidhm é, gur cheart go gcuirfí na muirir sin ar na feithiclí uile. Léiríodh amhras áirithe faoi RB4 mar go bhfuil oibleagáidí daingne ar na Ballstáit ann. |

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| In RB3b bainfear na spriocanna seo a leanas amach:<br><br>• costais a bhaineann le brú tráchta a laghdú faoi €9 billiún faoi 2030, ioncam breise ó dholaí ar fiú €10 billiún/bliain iad a sholáthar agus cabhrú leis an infheistíocht i mbóithre a mhéadú faoi 25 %<br><br>• astaíochtaí $CO_2$, astaíochtaí $NO_X$ agus astaíochtaí ó ábhar cáithníneach a laghdú ar bhonn suntasach<br><br>• an tsláinte phoiblí a fheabhsú agus na costais a bhaineann le truailliú aeir agus ó thimpistí a laghdú (€0.37 billiún faoi 2030)<br><br>• deis a thabhairt suas le 208,000 post úr a chruthú agus sochair bhreise ar fiú 0.19 % den OTI iad, agus<br><br>• rannchuidiú le bheith ag caitheamh go cothrom le saoránaigh an Aontais Eorpaigh trí phraghas na ngreamán gearrthéarmach a laghdú faoina leath. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú 1.1 % ar chostais iompair le haghaidh lasta agus d'fhágfaí costais le haghaidh paisinéirí gan athrú. Áirítear ar na costais a bheidh ar údaráis córais nua dolaí a chur i bhfeidhm nó na córais atá ann cheana a leathnú ag na Ballstáit lena mbaineann (infheistíocht aon uaire €1.2-1.4 billiún ar fad), agus costais oibriúcháin €168-200 milliún/bliain. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú €198-228 milliún/bliain ar chostais chomhlíonta d'úsáideoirí bóithre de bharr muirearú bóithre a chur i bhfeidhm ar chodanna nua den ghréasán agus ar ghrúpaí úsáideoirí nua. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Is FBManna iad gar do 100 % de chuideachtaí tarlaithe bóthair. Mar thoradh ar dholaí bóithre a leathnú, thiocfadh méadú ar chostais chomhlíonta dóibh; mar sin féin, cuirtear an chuid is mó de na costais bhreise ar aghaidh chuig na cliaint agus tá méadú beag (níos lú ná 0.25 %) ar phraghsanna dá bharr. D'fhéadfadh an deis chun cánacha feithiclí a laghdú cúiteamh a dhéanamh i gcuid den ardú ar an gcostas.<br><br>Bheadh tionchar dearfach láidir ag infheistíocht mhéadaithe sa bhonneagar ar an tionscal tógála. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Bainfidh an earnáil phoiblí leas as ioncam breise de thoradh chostas na hinfheistíochta i gcur i bhfeidhm agus in oibriú na gcóras ríomhbhailiúcháin dolaí nua. D'fhéadfadh barrachas gar do €10 billiún in aghaidh na bliana a bheith i gceist leis an tionchar glan ar bhuiséid na mBallstát. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Meastar go mbeidh laghdú réasúnta mór (faoi 1.3 %) ar thomhaltas díosail. |
| **Comhréireacht?** |
| Ní dhéanann an tionscnamh ach cur leis na cuspóirí a bhaint amach. Seachas é a cheangal ar na Ballstáit muirearú bóithre a chur i bhfeidhm, comhordaíonn sé agus éascaíonn sé an ghníomhaíocht náisiúnta. Tá na costais ar na Ballstáit, ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh teoranta i gcomparáid leis na buntáistí ionchasacha. Mar sin, ní sháraíonn sé a bhfuil riachtanach chun na fadhbanna aitheanta a réiteach agus chun na cuspóirí a chomhlíonadh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an reachtaíocht nua in 2025. |